

TREOIR MAIDIR LE HUACHT A DHÉANAMH

SRAITH DHLÍ-CHUMANN NA hÉIREANN



Cad is uacht ann?

Is ráiteas dlíthiúil atá ann faoin mbealach ar mhaith leat do chuid sócmhainní (eastát) a dháileadh tar éis do bháis.

Cén fáth ar cheart dom uacht a dhéanamh?

Tá go leor buntáistí ag baint le huacht. Trí uacht a dhéanamh, is féidir leat:

- an dóigh a ndáilfear do shócmhainní a roghnú
- cinneadh a dhéanamh cé a ghníomhóidh mar sheiceadóir (an duine a riarann d'éastát)
- cinneadh a dhéanamh cé a bheidh mar chaomhnóir ar do leanaí faoi aois (leanaí faoi bhun 18)
- foráil a dhéanamh do do chleithiúnaithe
- pleanáil le haghaidh cánach oidhreachta

Le huacht, beidh rudaí níos éasca do do mhuintir nuair a fhaigheann tú bás.

Mura ndéanann tú uacht, cinneann an dlí cén chaoi a ndáilfear do shócmhainní - agus cé a bheidh ceaptha chun d'éastát a riar.

D'uacht a choinneáil cothrom le dáta

Tá sé tábhachtach athbhreithniú a dhéanamh ar d'uacht go rialta, go háirithe tar éis aon athrú mór saoil - mar shampla, má phósann tú nó má scarann tú ó do chéile.

Cá háit a dtosóidh mé?

Labhair le d'aturnae ar dtús. Is féidir le huacht a bheith casta agus tá foirmiúlachtaí dlí éagsúla ann nach mór duit a leanúint chun a chinntiú go bhfuil d'uacht bailí. Tá taithí ag d'aturnae maidir le huachtanna a dhréachtú agus beidh sé in ann cabhrú leat ceapa tuisle a sheachaint. Féadfaidh d'aturnae comhairle a thabhairt duit freisin maidir le cáin oidhreachta a laghdú.

Tuilleadh eolais

Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh chuig

www.lawsociety.ie/willsandprobate



LAW SOCIETY
OF IRELAND

PRACTISING
SOLICITORS

Firm's stamp here